

An Dán 'I dtúis a' Lae dho Phoebus Chiúin' le Liam Dall Ó hIfearnáin

Liam Prút

Tuairim fiche bliain ó shin bhreac Mícheál Ó Cearúil as Buiríos Léith cóip de bhunscríbhinn an dáin seo dom, dán atá scór líne ar fad, le Liam Dall Ó hIfearnáin, dán nár léadh agus nár áiríodh go dtí anois mar chuid de shaothar an fhile sin. Baineann sé le cnuasach Isí Uí Chomhraí agus is ionann é agus Uimhir 37 de C 62, ar lch. 109 i gClár Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig Mhá Nuad (Fascúl V; An Sagart, Má Nuad, 1968) arna chur in eagar le Pádraig Ó Fiannachtá agus leis an Athair P. Ó Maoileachlainn roimhe. Is faoi aicme amhrán ar a dtugtar 'Amhráin i bhFogharscript' atá sé curtha inár láthair sa chlár.

Cad is fogharscript ann? I gcás na Gaeilge, is é atá le léamh sa lámhscríbhinn againn i bpeannaireacht láimhe ná 'I doosh i lea yo Phoebus chuín'. Mheabhródh 'fogharscript' an fhoirm Bhéarla a úsáidtear ar logainmneacha amhail 'Thurles' a sheasfadh d'fhuaime na Gaeilge sa bhfocal 'Durlas' nó 'Nenagh' a sheasfadh do 'An tAonach' nó 'nAonach' nó ceann éigin de leaganacha 'an Aonaigh'. B'fhéidir go mba ghá a rá go bhfuil truailliú fuaimne i gceist le córas litrithe den chineál sin. Tá a fhios againn roimh ré, áfach, gur leagan éigin de 'Aonach' atá i gceist le 'Nenagh' agus leagan éigin de 'Durlas' atá i gceist le 'Thurles'! Cuirtear lenár ndeacracht nuair nach clóscríbhinn ach scríobh láimhe atá le ciallú! Agus, ar ndóigh, táimid dall, i gcás lámhscríbhinne mar seo, ar na focail Ghaeilge a luíonn laistiar de théacs fogharscripte Béarla agus táimid ag brath ar ár dtaithí ar dhánta eile an fhile seo agus ar ár n-eolas ar an bhfilíocht Ghaeilge i gcoitinne, go háirithe ar fhilíocht Ghaeilge chomhaimseartha na Mumhan! Sa chás seo ní heol do léitheoir na fogharscripte ach an chéad líne faoina bhfuil an dán seo cláraithe i gClár Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig Mhá Nuad. Ní haon dóithín, dá bhrí sin, gin seo Uí Ifearnáin a thabhairt ar an saol anois gona comharthaí cille(!), tuairim dhá chéad bliain tar éis bháis an fhile go han-luath sa naoú haois déag.

File nua-aimseartha é Uilliam Dall, file réadúil, mar a léireodh líne as an dara leagan de 'Caitlín Ní Uallacháin' (*Ar Bhruach na Coille Muire*) sa tagairt d'Uan na nGrás a 'bheathaigh daoine dathad geimhreadh anuas le harán' nó sa tráchttaireacht chogaidh a dhéanann sé sa chéad dán den phéire faoin teideal sin: 'measaimid nach calm rinn den bhuairt sin i Spáinn' (a mheabhródh an focal 'bother' a d'úsáid Kavanagh sa dán 'Epic' — 'That was the year of the Munich bother'). File liriciúil a thug dúinn na línte díoltais agus sásaimh ar scéala bhás Sheon Damer a chlos fiú agus é féin san uaigh — 'Le fórsa is neart mo ghualann/An fód go gcaithfinn suas díom'.

Seo í an chéad iarracht ar an dán a fhoilsíú i ngnáthscript na Gaeilge — agus táim buíoch den Mhonsignor Ó Fiannachtá as í a léamh agus as 'iarracht an-mhaith' a thabhairt ar an méid den iarracht seo atá feicthe aige! Ach d'ainneoin na hiarrachta ní mhaím go bhfuil an crosfhocal réitithe chun mo shástacht féin fiú amháin; tá sé breac ballach le fonótaí (agus ábhar fonótaí) agus bheadh súil agam go dtógfadh scoláirí agus léitheoirí ar an dréacht bhearnach seo. Níl aon bharántas ann go n-éireodh mórán níos fearr liom ná mar atá déanta agus is mithid, dar liom, é a chur faoi bhráid an phobail. Tá sé ag dul don Dall go scrúdófaí na leaganacha ar fad atá sna Isí éagsúla d'fhonn an tiúnmhaireacht is fírinne agus is bunúsaí a fháscadh as na hiarsmaí

sárluachmhara seo de chuid Thiobraid Árann (agus Chorcaí!). Thabharfainn fhéin pé cuidiú ab fhéidir liom do dhuine ar bith a thabharfadh faoi aon ghné den obair sin.

William Dall cinxit

I dtús a' lae dho Phoebus chiúin lena lonn¹-rosc séimh do réabadh smúit
An chúilfhionn mhaorga bhéaltais bhúch do theang² liom céad slán di
Nuair chuas don loch³ sin Laighin, géis-loch⁴ fleadh na bhfáigí,
'Sé mo mhíle léan mar bhí ar a seal fleadh, file ná réic fén dtráth sin.

Le dearcadh a gnúise d'fhúig me tréith, is do shlad ní mór le túirse lán
Agus dart ó Chupid, i dtús na saighead, a' stiúru gaetha fáin liom
Naisceadh ar bhíodhbh 's allait⁵ na n-ainnir chaoin seo do ráimse
'S coróin thóg rí⁶ na ndán⁷ thar toinn, thug searc a croí dho Pháras.

An tráth a d'éalaigh Héilin oirirc ó stát na Gréige le haon-mhac Phriam
Bhís, 'Mhalaidh,⁸ tréithlag⁹ le sciámh 'na ngnaoi, na n-ainnir chaoin seo ráimse,
Nuair leagadh Troy le Páras agus Hector groí gan spásamh
Thóg Téiteas 'na dhiaidh go tréan sa ngníomh go mb'éigean síth dhá namhaid.

Is dubhach atáim 's is cásmhar tréith, a' siúl na n-ard le fán a' tsaoil
Agus gleannta fras ag gearán mo scéal le stuairín thall ón réidh-chnoc
A shíogaí rua na Bruíne i mbruach gach caise ' síorghol
I mbaogal báis d'fhúig faon me ar lár, nuair theastaidh d'aird le hucht Gaela

Atá mo dhaoine dhon bhuín ina diaidh fé chíos lena ré,
fuílleach an tréad' as uaigh Banban ' éiríonn
Mo thuirse 'rís 's mo dhíth níor bhaol go scarfainn le péarla an bháin-chnis
Mo bheannacht fé cheann gach lá leat go dtí'n Malaidh chois-séimh Ní Hárón¹⁰
Nó gabhail gan bheann dho smíste maide don bhorbfhuil réidh sin Chláir Loirc.

Sin í m'iarrachta — móide moladh nó dhó de réir mar a bhí ar fáil dom — ar an dán dorcha deireanach seo de bhraisle dánta Liam Dall! Go dtí go dtiocfaidh Buttimer eile ar an bhfód agus go bhfionnfar dánta eile de chuid an Daill! Má tá éirim an dáin tugtha liom agam féadfaidh scoláire ceart éigin beachtaíocht bhreise a dhéanamh ar an dán. Bímis buíoch do Mhícheál Ó Cearúil as a fheabhas a rinne sé an chóip ar ar bhunaíos an obair. Níor mhór do na scoláirí triall ar leabharlann Mhaigh Nuad, áfach, chun an chéad chéim eile cruinnis nó dóchúlachta a bhaint amach.

Notaí

- 1 nó shuan-rosc
- 2 scang nó secang??
- 3 nó teach?
- 4 nó 'g éisteacht?
- 5 nó amhlaidh nó ádh leat?

- 6 nó greanta groí?
- 7 Is cosúil gur 'ndán' (gin. Iolra) atá i gceist anseo sa ls.!
- 8 Vauli??
- 9 nó dtréithe?
- 10 Tabhair faoi deara, i gcomhthéacs an liosta sloinnte ar lch. 187 de m'alt 'Aon-Fhile an Leanúnachais: Liam Dall Ó hIfeárnáin' (*Tipperary: History and Society*, eag. William Nolan/Thomas G. McGrath, Geography Publications, 1985) nach fada an sloinne seo 'Hárón' ó leaganacha Béarla den sloinne Ó hEichiarainn (barántais 61 agus 64 i sárleabhar Phádraig Uí Fhiannachta, *An Barántas, An Sagart, Má Nuad*, 1978).
Pointe eile: arbh fhéidir gur leagan truailithe pobail den fhocal Laidine 'absum' an t-ainm eile sin a úsáideadh i leith Uilleam Dall, mar atá, 'Abson' nó 'Apson'? Rud a chiallódh 'Táim as láthair.' nó 'Nílím anseo.' Ba mhór an cuidiú dó meon sin na gastachta más inchreidte a gcuirtear ina leith i mBarántas 61 nó má chuimhnímid ar scríoba eile a bhí le cur de aige—agus é a bheith dall!